

Máistrí Órga

Chuaigh Pádraic Tim Ó Conghaile agus Pádraic Willie Ó Fátharta go dtí an cluiche ceannais sna Máistrí Órga agus tá súil acu a dhul an bealach ar fad an bhliain seo chugainn. D'eagraigh an Cumann Comórtas Scothimreoirí na hÉireann i mbliana chomh maith, an chéad uair go raibh a leithéid in Éirinn. Bhí an scoth ó cheithre hairde na hÉireann ar an gCnoc i mí Meán Fómhair agus thug siad sárthaispeántas. Bhí taispeántas ón dá chailín is fearr in Éirinn ann freisin.

Is é Pól Ó Brádaigh agus Antoine Ó hÉalaithe a bhí le bheith ag coimhlint a chéile sa gcluiche ceannais ach bhí ar Phól dul abhaile maidin Domhnaigh le himirt le na chumann i gCraobh Chontae an Chabháin sa bPeil – imríonn Pól do fhoireann peile a Chontae chomh maith. Is é Eoghan Ó Cinnéide, a bhí sa 3ú háit, a chuaigh i gcoinne fhear Chorcaí ansin, ach ní raibh an Bleá Cliathach in ann aige siúd dubh bán ná riabhach ar an lá.

Ba iad an Cabhánach agus an Corcaíoch a bhí i gcoinne a chéile sa gCraobh Domhanda agus bhí an bua ag an mBrádach ar éigin. Bhí na himreoirí faoi dhraíocht ar chloisteáil na "Teanga Gaeilge" chomh nádúrtha agus iontas na n-iontas orthu an chraic agus an gháire a bhí againn linn féin.



Joe Tim (nach maireann) agus Máire Joe Ó Curraidhín as an gCnocán Glas, athair agus máthair Timín Joe Tim na liathróide láimhe.

Eagrú

Bhí obair mhór le déanamh leis an gcomórtas seo a eagrú agus tá a bhuíochas sin go mór mór ag dul do Dhonncha Ó Faoláin ó Mhaigh Cuilinn, Cathaoirleach an Chúige agus an Chontae, agus do Timín Joe Tim se'againn fhéin. Bhí costas €1,200 ar an deireadh seachtaine agus tá buíochas mór ag dul do na hurraithe seo leanas: Raidió na Gaeltachta, Udarás na Gaeltachta, Specsavers, KPH, Cunningham Higgins Motor Co., Suites Supreme, Tigh Chualáin agus Eoghan Ó Sullivan Insurance. Thug Dunnes Stores bia le haghaidh an dá lá agus thug Clada Minerals neart le n-ól. Ní raibh ocras ná tart ar éinne. Má bhí aon lucht le fáil ar an deireadh seachtaine ba ganntanas lucht féachana é. Tá súil le comórtas eile a eagrú an chéad bhliain eile.

Focal Scoir

Chuaigh Timín agus Colm go Cill Chainnigh i mí Deireadh Fómhair le páirt a ghlacadh sa gcomórtas Domhanda. Rinne an bheirt acu thar barr dul chomh fada leis an gcluiche Leathcheannais sa gcomórtas singil agus marach go raibh gortaithe piocadh suas acu b'fhéidir gur scéal mór a bheadh againn. Anois céard a déarfá leis an "Man Behind the Bar?" Nár laga Dia iad!

Páirc an Chnoic

le Pádhraic Tím Ó Conghaile

Nuair a bunaíodh Cumann Micheál Breathnach go deireadh, i 1966 -1967, bhí caint ar pháirc a thógáil agus ag cruinniú cinn bhliana 1967 moladh coiste na páirce a chuir le chéile. Tugadh "Coiste na Páirce Teo." ar an gcoiste seo. Sí an aidhm a bhí acu sin ná suíomh a fháil agus páirc a chur ar fáil. San am sin, bhíodh peil dhá imirt ar an gCreach Oileáin sa Samhradh nuair a bhíodh an aimsir go breá. Bhí caint ar pháirc a dhéanamh anseo, agus bóthar a dhéanamh aniar ó bhóthar an Locháin. Ansin fuair an coiste suíomh ó Choimisiún na Talún san áit ina bhfuil *Hydro Marine* anois. Dhíol an Coiste an suíomh seo le Gaeltarra Éireann, sé sin Udarás na Gaeltachta faoi láthair. Ag an am sin socraíodh talamh a bhí ag an bparóiste ar an gCnoc a iarraidh ar an Easpag Breathnach, a bhí ina Ardeaspag ar Thuaim ag an am, agus fuair siad 8 n-acra den 11.5 acra talún a bhí ansin.

Is ag an am seo a bunaíodh Coiste Airgid na Páirce. Is í an aidhm a bhí acu siúd ná airgead a bhailiú don pháirc, rud a rinne siad trí chrannchur, trí bhailiúchán a dhéanamh ó theach go teach, díolachán earraí, siúlóidí, imirt chártaí, chomh maith le deontais ó Roinn na Gaeltachta agus cúnamh ón gComharchumann, ón gCumann Forbartha, agus ó eagraíochtaí eile.

Sa mbliain 1975 a thosaigh siad ar fhorbairt na páirce agus is iad coiste an airgid a thóg cúram iomlán na páirce orthu fhéin, is é sin an pháirc a thógáil agus an t-airgead a bhailiú. Sa mbliain 1976 shocraigh an coiste cúirt liathróid láimhe a thógáil chomh maith le seomraí feistis.

Sa mbliain 1980, d'oscail siad an chúirt liathróid

láimhe go hoifigiúil, agus i 1982 rinneadh an pháirc a oscailt go hoifigiúil. Bhí Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl ar an bpáirc i 1981 agus arís i 1992.

Sa mbliain 1986 bunaíodh coiste nua, *Coiste Forbartha na Páirce*, agus é mar aidhm acu na lochtanna a bhí ar an bpáirc a leigheas agus an suíomh ar fad a réiteach amach, mar aon le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bpáirc. Sa bhliain 1986 cuireadh Scéim SES (FÁS) ar siúl den chéad uair.

Scéimeanna

Idir 1986 agus 1992, tógadh seomraí feistis nua, rinneadh athchóiriú ar an bpáirc comh maith le draenáil agus síol féir a chur sa bpáirc. Tógadh an tArdán ag an bpáirc. Cuireadh bhalla cloiche le bóithrín an Chnoic siar le bóithrín Dhonnchú; cuireadh díon nua ar an gcúirt liathróid láimhe agus eangach ar chúl na gcuailí.

Sa mbliain 1989 ceannaigh an coiste 3.5 acra de thalamh an pharóiste ar £5,000 chun páirc thraenála a dhéanamh. Cuireadh sconsa siar le Bóthar an Rí, comh maith, leis an bpáirc bheag thraenála a fhorbairt. Tógadh seomra tráchtairachta ar chúl an Ardán.

Ní raibh aon scéim ann i 1992/93 ach cuireadh balla blocanna tímpeall ar an bpríomhpháirc comh maith le draenáil agus píopaí a chur tímpeall ar an bpáirc bheag thraenála, agus an síol féir á chuir síos.

Scéim 94/95 – rinneadh an balla idir an dá pháirc a thógáil, an tArdán ag an bpáirc a phéinteáil, agus caoi a chur tímpeall Shéipéal an Chnoic.

Le scéim 1996/98 rinneadh sconsa a thógáil leis an taobh thiar agus thuaidh den pháirc. Tógadh seomraí feistis nua ar an taobh thiar don pháirc. Rinneadh tímpeallacht na páirce a réiteach chun cuidiú le slacht na háite. Cuireadh pláistéireacht ar chúl an Ardáin, agus comh maith leis sin bhí obair cothabhála le déanamh ar an bpáirc, ar Choláiste Lurgan, ar Thearmann Ainnín, agus an scoil náisiúnta.

Ní raibh aon scéim ann ó 1998 go dtí 1999. Rinneadh na nithe seo a leanas leis na scéimeanna a bhí ann ón mbliain 2000 go dtí an lá atá inniu ann: Fód nua curtha ar áiteacha ina raibh sé ag teastáil ar an bpáirc; Eangach nua ar chúl na gcúl; Draenáil agus fód nua a chuir ar áiteacha ina raibh sé ag teastáil ar an bpáirc; Obair cothabhála déanta ar an bpáirc; Obair cothabhála ar na seomraí feistis; Péintáil agus glanadh; Stór nua tógtha ar an taobh thiar don pháirc; agus sconsa curtha le Coláiste Cholmcille.

Faoi láthair tá méadú á déanamh ar na seomraí feistis atá le taobh an phinniúir. Tá mé cinnte go bhfuil go leor eile déanta ag scéim FÁS ar shuíomh na páirce seo nach bhfuil mise in ann cuimhniú air faoi láthair. Is dócha nach mbeidh deireadh go deo leis an obair atá le déanamh tímpeall ar an suíomh seo. Ba chóir aire a thabhairt dó.